



IRISH RESEARCH COUNCIL

An Chomhairle um Thaighde in Éirinn

**CLÁR SCOLÁIREACHTA IARCHÉIME RIALTAS
NA hÉIREANN 2020**

SCOLÁIREACHT IARCHÉIME ANDREW GRENE SA RÉITEACH COINBHLEACHTA

EOLAS FAOIN TÉAMA



**An Roinn Gnóthaí
Eachtracha agus Trádála**
Department of
Foreign Affairs and Trade

1. CÚLRA

I gcomhar leis an gComhairle um Thaighde in Éirinn, cuireann an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála fáilte roimh iarratais ar Scoláireacht Iarchéime Andrew Grene sa Réiteach Coinbhleachta.

Cé nach féidir le hiarratasóirí cur isteach ach ar théama scoláireachta amháin, cuirfear iad siúd a roghnaíonn iarratas a chur isteach ar scoláireacht de chuid comhpháirtí straitéisigh maoiniúcháin san áireamh le haghaidh Scoláireacht Iarchéime Rialtas na hÉireann.

Is beartas uile-rialtais i leith clár forbartha idirnáisiúnta na hÉireann é beartas nua na hÉireann um fhorbairt idirnáisiúnta, [Domhan Níos Fearr](#). Déanann sé béim thraidisiúnta na hÉireann ar ‘na daonraí is boichte ar fad’ a atreorú chun gealltanús Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a chur i gcrích, is é sin, ‘cabhrú leis na daonraí is faide siar i dtús báire’.

Is í an fhís a leagtar amach sa bheartas *Domhan Níos Fearr* go mbeidh pobal domhanda níos cothroime, níos síochánta agus níos inbhuanaithe ann. Cuimsíonn sé gníomhaíocht dhaonnúil agus comhoibriú forbartha náisiúnta na hÉireann, chomh maith le cearta daonna, síochánaíocht, dí-armáil agus beartais agus gníomhartha síochána. Geallann sé go bhforbróidh Éire cur chuige réigiúnach chun aghaidh a thabhairt ar mhíshocracht agus ar choinbhleacht, agus tarraingíonn sé aird ar riachtanais ar leith ar fud mhór-roinn na hAfraice, an Mheánoirthir, na hÁise agus sna Stáit Oileánacha Bheaga i mBéal Forbartha.

2. SCOLÁIREACHT IARCHÉIME ANDREW GRENE SA RÉITEACH COINBHLEACHTA

Cáilitheacht

1. Téamach

Ní mór go mbeadh taighde beartaithe an iarratasóra ag teacht le ceann amháin nó níos mó de na ceithre thosaíocht bheartais a aithnítear sa bheartas *Domhan Níos Fearr*:

- Comhionannas inscne;
- Riachtanas daonnúil a laghdú;
- Gníomhú ar son na haeráide;
- Rialachas treisithe.

2. Réigiúnach

B’fhéarr leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála go leagfadh moltaí béim ar thír amháin de phríomhthíortha comhpháirtí na hÉireann ar a laghad agus/nó ar thíortha ar leith a dtacaíonn Éire leo agus a n-imríonn coinbhleacht agus leochaileacht tionchar orthu¹. Clliceáil [anseo](#) le haghaidh liosta iomlán de na tíortha comhpháirtí.

¹ An Aetóip, an Mhaláiv, Mósaimbíc, an Tansáin, Uganda, an tSaimbia, Siarra Leon, an Libéir, Vítneam, an tSiombáib, an Phalaistín.

Ar aon dul leis an mbeartas *Domhan Níos Fearr*, d'fhéadfaí go roghnódh an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála srian a chur le moltaí incháilithe amach anseo ionas nach mbeidh ach moltaí a bhaineann le príomhthíortha comhpháirtí na hÉireann incháilithe don Scoláireacht Iarchéime Andrew Grene sa Réiteach Coinbhleachta. Ach cuirfear moltaí a bhaineann le tíortha eile san áireamh faoin ngairm áirithe seo (GOIPG 2020).

Bronnfaidh an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála maoiniú ar mholtaí a n-éiríonn leo díriú ar cheann amháin den dá réimse seo a leanas:

a. Mná, Síocháin agus Slándáil

I Meitheamh 2019, seoladh [Tríú Plean Gníomhaíochta na hÉireann um Chur i bhFeidhm UNSCR 1325 agus rúin ghaolmhara](#) (ar a dtugtar an Clár Oibre um Mná, Síocháin agus Slándáil orthu ar fad le chéile). Leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta (PGN), atá ailínithe go dlúth leis an mbeartas *Domhan Níos Fearr*, an dóigh a leanfaidh Éire ar aghaidh leis an gclár oibre um Mná, Síocháin agus Slándáil a chur i bhfeidhm, agus conas a fheabhsóidh Éire é, thar cheithre cholún a bhaineann le Cosc, Rannpháirtíocht, Cosaint agus Cur Chun Cinn. Beidh an Plean ar siúl thar tréimhse cúig bliana ó 2019-2024. Is príomhionstraim é an PGN ó thaobh gealltanais láidir na hÉireann maidir le comhionannas inscne i gcomhthéacsanna leochaileacha agus coinbhleachta a chur chun cinn, lena n-áirítear:

- ceannaireacht ban agus rannpháirtíocht fhóinteach ban a neartú i bpróisis shíochána, shíochánaíochta, tógáil síochána, agus chosc choinbhleachtaí;
- aghaidh a thabhairt ar phríomhchúiseanna coinbhleachta;
- cosaint ban agus cailíní ar dhíobháil a bhaineann le coinbhleacht a neartú;
- plé ar chúrsaí inscne chomh maith le saineolas inscne a chur chun cinn i mbeartais síochána agus slándála.

Moltar, go háirithe, taighde a dhéanamh a chuirfidh leis an mbonn fianaise atá ann maidir le rannpháirtíocht ban sa phróiseas cinnteoireachta i gcúrsaí síochána agus slándála.

b. Athmhuintearas iarchoinbhleachta

Is éard atá i gceist le hathmhuintearas ná caidreamh agus iontaoibh a ndearnadh díobháil dóibh i rith coinbhleachta a atógáil, cibé an idir grúpaí éagsúla é nó idir saoránaigh agus an stát. Ós rud é nach ionann aon dá choimhlint, tarlaíonn an t-athmhuintearas ar bhealaí éagsúla i gcásanna éagsúla iarchoinbhleachta: mar phlé náisiúnta pholaitiúil; insint na fírinne; ceartas idirthréimhseach agus ionchúisimh; cúiteamh (aonair agus tiomsaitheach); ath-imeascadh; oideachas síochána; agus athchóiriú institiúideach a chuireann cearta daonna san áireamh. Baineann athmhuintearas leis an gcás ar leith atá i gceist, rud a chiallaíonn gur gá do gach aon tsochaí a bealach féin i dtreo an athmhuintearais a leanúint, agus nádúr áirithe na coinbhleachta nó cineál an phróisis thrasdula chomh maith leis an ról ríthábhachtach atá ag mná i bpróisis athmhuintearais a bheith mar bhonn eolais aige. Tá iarracht ghníomhach déanta ag Éirinn páirt a ghlacadh i bhfoghlaim ceachtanna dhá bhealach le tíortha inar tharla próiseas athmhuintearais nó ina bhfuil próiseas athmhuintearais ar bun faoi láthair. Spreagtar taighde ar cheachtanna comparáideacha sna comhthéacsanna sin agus go háirithe taighde a bhaineann le [príomhthíortha comhpháirtí](#) na hÉireann agus tíortha ar leith a n-imríonn coinbhleacht agus leochaileacht tionchar orthu².

² An Aetóip, an Mhaláiv, Mósaimbíc, an Tansáin, Uganda, an tSaimbia, Siarra Leon, an Libéir, Vítneam, an tSiombáib, an Phalaistín.